

‘Cormac ag a 5’ 27-06-2016 - Tuarascáil Bhliantúil An Choimisinéara

[Ceol]

Fachtna Ó Drisceoil:

Anois léiríonn Tuarascáil Bhliantúil An Choimisinéara Teanga an líon is airde gearán ón bpobal ó bunaíodh an Oifig sa bhliain 2004. Ar an iomlán, rinneadh 768 gearán le linn na bliana 2016, tháinig an líon is airde gearán ó dhaoine a bhfuil cónaí orthu i mBleá Cliath, sé sin daichead is a cúig faoin gcéad don iomlán. Liom anois inár stiúideo i gCasla tá an Coimisinéir Teanga, Rónán Ó Domhnaill, fáilte romhat go dtí an clár, a Rónáin.

Rónán Ó Domhnaill:

Go raibh maith agat, a Fhachtna.

Fachtna Ó Drisceoil:

Ar dtús an féidir saghas achoimre a thabhairt dúinn ar chineál na ngearán agus ar na heagraíochtaí is mó a ndearnadh gearáin fúthu.

Rónán Ó Domhnaill:

Sea, bhuel tá sé cosúil le go leor bhlianta eile ó thaobh saghas céatadán na ngearán agus an chaoi agus na réimsí éagsúla lena bhain na gearáin sin. An líon ab airde bhain siad le foráil de chuid scéimeannaí teanga agus níl aon athrú air sin ó anuraidh ach an oiread. Tháinig géaráin as chuile thrí ghearáin anuraidh, bhain said le foráil i scéimeannaí teanga agus tá’s againn faoi na scéimeannaí teanga céard atá iontu agus céard nach bhfuil iontu so mar shampla dá mbeadh deacrachtaí ag daoine ó thaobh cártaí aitheantais a fháil, suíomhannaí gréasáin, foirmeachaí iarratais agus mar sin di. Nuair atá deacrachtaí ag daoine leis sin téann siad i dteagmháil linne, féachann muide ar scéim teanga atá ag an gcomhlacht poiblí ábhartha agus má tá foráil sa scéim teanga ag rá go gcuirfidh siad na seirbhísí sin ar fáil trí Ghaeilge tá muid in ann an scéal a fhiosrú agus is as sin a thagann ceann as chuile thrí cheann do na gearáin a fhaighimid, mar a dúirt mé. Ba cheart dom a luaigh chomh maith, dár ndóigh, go bhfaigheann muid cuid mhaith gearán nach féidir linn a fhiosrú, faraor, mar gheall nach bhfuil aon fhoráil ina leith in aon scéim teanga agus sin ábhar buartha dhomsa go mór mhór agus tá súil agam go...gur féidir linn dul i ngleic leis sin amach anseo nuair a bhéas na ceanteideal nua á achtú agus á phlé agus á achtú amach anseo go mba cheart díriú air sin go sonrath.

Ina dhiaidh sin, a Fhachtna, bhí, arís ábhar díoma, rud atá ag léiriú sílim go bhfuil, is dóigh go bhféadfaí a rá go bhfuil teip leanúnach ar siúl ag comhlachtaí poiblí dul i ngleic lena dualgaisí teanga atá orthu. Mar shampla, fiche seacht faoin gcéad do na gearáin bhain siad le easpa Gaeilge ar chomharthaíocht agus stáiseanóireacht, dualgais atá i bhfeidhm anois le roinnt mhaith blianta agus i ndáiríre go mba cheart a bheith curtha ina cheart ag comhlachtaí poiblí faoin am seo. Mar shampla, d’fhéadfadh sé nach mbeadh ainm an chomhlachta poiblí i nGaeilge ar dtús mar atá sé ceapaithe a bheith, nach mbeadh sé ar an saghas céanna agus a leithéide sin nó b’fhéidir go bhfuil sé in easnamh ina iomláine. Chomh maith leis sin easpa Gaeilge ar chomharthaí bóithre, bhí go leor daoine, duine as chuile deichniúr nó níos mó ná sin ag déanamh gearáin faoi sin agus bhí titim bheag, mar a bheifeá ag súil leis, is dóigh, maidir le fadhb a bhí ag daoine le hainm agus seoladh a úsáid i nGaeilge. Anuraidh fuair muid an líon is airde gearán riamh ar aon ábhar amháin agus bhain sé sin le 2015 - Tuarascáil Bhliantúil anuraidh, bhain sé le Eircode, dár

ndóigh, so tháinig titim bheag air sin ach fós tá daoine ag déanamh gearáin linn faoi sin agus is ábhar díomá é sin chomh maith, dár ndóigh.

Fachtna Ó Drisceoil:

Céard atá bainte amach ag do Oifig do ghearánaithe i mbliana? B'fhéidir dá dtabharfá samplaí cinnte dom.

Rónán Ó Domhnaill:

Sea, bhuel ó thaobh forálacha scéimeannaí teanga agus ó thaobh rudaí atá thar a bheith soiléir is féidir thíocht ar réiteach neamh-fhoirmiúil don chuid is mó le comhlachtaí poiblí leis sin. So fuair muid roinnt mhaith gearáin, mar shampla, ag deacrachtaí a bhí ag daoine cártaí aitheantais a fháil nó deacrachtaí a bhí ag daoine ó thaobh suíomhannaí gréasáin. Sin ceann a tháinig chun cinn go sonrach i rith na bliana go mór mhór théis an chúlú eacnamaíochta go raibh comhlachtaí poiblí ag déanamh uasghradú anois, i bhfianaise go raibh beagán níos mó airgid acu, ar suíomhannaí gréasáin nó ag cur suíomhannaí nua agus nach raibh cúram mar ba chóir á dhéanamh ar na dualgais a bhí geallta acu ó thaobh leaganacháí Gaeilge a dhéanamh so, bhí cuid mhaith dhó sin ann. Ach i gcásannaí nach féidir thíocht ar socrú neamh-fhoirmiúil, i gcásannaí mar sin bíonn orainn díriú ar imscrúdú atá foirmiúil agus scríobh go foirmiúil ag Príomhfheidhmeannach nó ceann na heagraíochta agus tá cur síos orthu sin chomh maith sa Tuarascáil.

Fachtna Ó Drisceoil:

Ach an bhféadfá cúpla sampla a thabhairt dom do dhaoine gur bhain tú toradh amach dhóibh?

Rónán Ó Domhnaill:

Oh, cinnte bhuel mar shampla, mar a luaigh mé, ó thaobh, má fhéachann tú mar shampla ar easpa Ghaeilge ar chomharthaí bóthar, tabharfaidh mé an sampla sin mar shampla, fuair muid ar a laghad 60 gearán faoi sin faoi deacrachtaí nó faoi samplaí a bhí faighte ag daoine de comharthaí bóthair nach raibh aistriú go Gaeilge ar chor ar bith i gcásannaí amháin nó níos mó ná cásannaí amháin agus sna gcásannaí eile go raibh an Ghaeilge míchruinn agus bhí muid in ann dul i ngleic leis an údarás a bhí ag plé le cúrsaí ó thaobh comharthaíocht bóthair más údarás áitiúil a bhí i gceist nó más údarás náisiúnta bóithre a bhí i gceist agus gur cuireadh iad sin ina ceart den chuid is mó. Go mór mhór freisin ó thaobh freagraí i mBéarla ar chumarsáid i nGaeilge, is mar gheall ar rudaí atá leagtha síos go sonrach sna rialacháin fhéin nach féidir le comhlachtaí poiblí aon argóint a dhéanamh ina choinne, so fuair muid roinnt mhaith gearáin faoi sin, faoi daoine a bhí...

Fachtna Ó Drisceoil:

An féidir liom ceist a chur ort faoi sin, tagann gearáin isteach mar gheall air ó scríobh mé litir chuig a leithéid de chomhlacht fuair mé gearán i nGaeilge okay téann tusa réitíonn sibh é, gabhann siad leithscéil agus scríobhann siad rud i nGaeilge ach an leanann, tar éis don chomhlacht gearán a fháil an leanann siad leis an dea-chleachtas nó an mbíonn tusa ag filleadh ar ais ar na dreamanna céanna arís agus arís...

Rónán Ó Domhnaill

Nó sin an rud a bhíonn's muid ag faire orthu, is... má... an rud a bhíonn's muid ag lorg ná ar an gcéad dul síos go n-admhaíonn an comhlacht poiblí go raibh sárú reachtaíochta ann agus ina dhiaidh sin go gcuirtear an scéal ina cheart don té a rinneadh an gearáin agus ina dhiaidh sin go gcuirtear córas i bhfeidhm, níl mé ag rá go gcaithfear a chinntiú, mar tarlaíonn botúin, ach go ndéantar chuile iarracht a chinntiú nach dtarlaíonn na botúin in athuair agus séard a tharlaíonn, is dóigh, má fheiceann muide go bhfuil na botúin ceanann céanna ag tarlú arís agus arís eile don chomhlacht poiblí céanna, go minic nach bhfeictear dúinn nach bhfuil aon rogha againn, is dóigh, ach dul i dtreo imscrúdaithe sa gcás sin agus is féidir liom sampla a thabhairt dhó sin mar shampla, i mblíana ó thaobh comhfhreagras i mBéarla le Fáilte Éireann, rinneadh gearán leo siúd, rinneadh duine eicint gearán leo i nGaeilge, fuair siad freagra i mBéarla, rinne siad gearán leis an gcomhlacht poiblí, fuair siad freagra ar ais i nGaeilge nach bhféadfaí a thuiscint. Chuaigh mise ag fiosrú an scéil go neamhfhoirmiúil mar chuid do tuilleadh fiosraithe faoi Fáilte Éireann agus Slí an Atlantaigh Fhiáin. Scríobh mise ag an bPríomhfheidhmeannach i nGaeilge agus fuair mise freagra i mBéarla.

Fachtna Ó Drisceoil:

So, tá sé sin .. Abair é sin .. Léim sé sin amach dom, léim sé sin amach dom as an Tuairisc Bhliantúil seo, abair é sin arís...

Rónán Ó Domhnaill:

So scríobh gearánach ag Fáilte Éireann, bhí gearán aige i nGaeilge agus fuair sé freagra i mBéarla agus ansin nuair a rinne sé casaid faoi sin fuair sé freagra i nGaeilge nach raibh cruinn. Rinneadh gearán liomsa, thosaigh mise á fhiosrú mar chuid do fhiosrúchán a bhain le Fáilte Éireann chomh maith go ginearálta faoi chomharthaíocht ar Slí an Atlantaigh Fhiáin ach scríobh mise chuig an bPríomhfheidhmeannach mar Choimisinéir Teanga...

Fachtna Ó Drisceoil:

Bhí tú ag déileáil leo, níor éirigh leat an rud a réiteach go neamhfhoirmiúil. Scríobh tusa, an Coimisinéir Teanga, go dtí Príomhfheidhmeannach Fáilte Éireann agus ceann dos na rudaí go raibh tú ag scríobh chuige fúthu ná comhfhreagras a bheith á fhreagairt i mBéarla agus d'fhreagair sé do litir i mBéarla?

Rónán Ó Domhnaill:

Freagraíodh an litir i mBéarla agus tá sé..

Fachtna Ó Drisceoil: - tá sé sin dochreidte...

Rónán Ó Domhnaill:

..tá sé deacair a chreidiúint, go bhféadfadh a leithéid tarlú agus léiríonn sé ... sa gcás sin séard a tharla... ná chuig na heagraíochta sin ná go raibh sé curtha amach ar chonraitheoirí chun freagraí a aistriú agus chuaigh rudaí amú 'is rinne muid imscrúdú ar an gceist sin agus an rud atá muide ag déanamh cinnte, nó an rud atá muid ag faire air a chinntiú go gcuirfidh Fáilte Éireann, agus tá sé ráite againn go sonracha sna moltaí, go gcuirfidh siadsan próiseas i bhfeidhm chun a chinntiú nach

nach dtarlaíonn sé agus ní cheart go dtarlódh sé. Tá an reachtaíocht ann ó thaobh rud chomh sonrach le freagra i nGaeilge ar litir...

Fachtna Ó Drisceoil:

Ach nuair a tharlaíonn rud mar sin an mothaíonn tú ariamh, a Rónáin, go bhfuil tú ag snámh in aghaidh easa.

Rónán Ó Domhnaill:

Ní mothaím go bhfuil mé ag snámh in aghaidh easa, mothaím go bhfuil jab le déanamh agam, is dóigh, is go gcaithfear dul i ngleic leis seo, so... Sin an chéad uair domsa, is dóigh, gur cuimhin liomsa scríobh mar Choimisinéir Teanga ag eagraíocht agus go d'táinig freagra chugamsa mar sin, is léir gur teip iomlán ar an gcóras sa gcás sin.

Fachtna Ó Drisceoil:

Le gairid d'fhógair an Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta, tá na teidil chomh fada ar na Ranna seo, d'fhógair siad mar is eol duit na ceannteidil nua do Bhille na d'Teangacha Oifigiúla 2017. Anois tá fáilte curtha agatsa roimh an Bhille sin agus go háirithe roimh an moladh go gcuirfí córas rialacháin in áit córas na scéimeanna teanga. An féidir leat a mhíniú go gairid agus go beacht dos na héisteoirí an difríocht a bhéas ann idir córas na scéimeanna teanga, mar atá faoi láthair, agus córas rialacháin.

Rónán Ó Domhnaill:

Má shiúlann tú isteach...Cuirfidh mé ar an gcaoi seo é, a Chormaic...a Fhachtna, tabharfaidh mé sampla dhuit, bhí tú ag lorg samplaí agus tabharfaidh mé sampla dhuit don difear a bheadh ann mar shampla le scéimeannaí teanga, má shiúlann tusa isteach go dtí Comhairle Contae Dún na nGall, Leitir Ceanainn braitheann sé céard atá geallta acu sa scéim teanga faoi céard ina bhfuil tú i dteideal, an bhfuil tú i dteideal seirbhís ón duine atá taobh thiar don chuntar, an bhfuil tú i dteideal foirm iarratais, mar shampla. So b'fhéidir go bhfuil tú i dteideal na foirmeachaí iarratais ar fad i nGaeilge ach níl tú i dteideal seirbhís cuntar i nGaeilge agus ansin téann tú isteach go dtí an Chomhairle áitiúil i dTrá Lí Comhairle Contae Chiarraí agus tá tú i dteideal seirbhís cuntar i nGaeilge ach níl tú i dteideal na foirmeachaí iarratais i nGaeilge, mar níl sé sin geallta acu sa scéim teanga. Faoi chóras rialacháin bheadh comhlachtaí poiblí éagsúla i ngrúpaí éagsúla ag brath ar an teagmháil atá acu leis an bpobal. So an tsamhail's a bheadh agamsa dhó mar shampla, bheadh na húdaráis áitiúla ar fad go mór mhór iad siúd atá ag plé le daoine sa nGaeltacht nó go bhfuil líonra mór daoine atá ag labhairt Gaeilge ann go mbeadh na comhlachtaí, go mbeadh na húdaráis áitiúla sin ar fad in aon ghrúpa amháin agus go mbeadh na rialacháin ceanann céanna ag chuile údaráis áitiúil. So, mar shampla má théann tú isteach i nDún na nGall, i nGaillimh, i Maigh Eo, i gCiarraí nó i mBleá Cliath nó cibé cén áit a bhfuil sé go bhfuil fhios agat nuair a shiúlann tú isteach céard ina bhfuil tú ina dteideal. Mar faoi láthair, tá sé an bhriste suas, níl an té atá a' lorg a chuid cearta trí Ghaeilge nó seirbhís trí Ghaeilge, b'fhéidir nach siad soiléir faoi céard 'tá aontaithe i scéim teanga agus ba cheart go mbeadh sé níos soiléire don té atá ag lorg seirbhísí trí Ghaeilge agus chomh maith go mbeadh sé níos soiléire chomh maith don chomhlacht poiblí faoi céard iad na dualgaisí atá orthu ó thaobh seirbhísí Stáit trí Ghaeilge. So, ar an iomlán, sílim go léiríonn Tuarascáil Bhliantúil go mór mhór i bhfianaise líon na ngearán atá ann agus ó thaobh saghas na ngearán sin go bhfuil gá sodar agus brú is dóigh a chur faoi na gceanteideal anois agus

brú ar aghaidh leo agus leasú a dhéanamh orthu san áit go bhfuil gá leasuithe a dhéanamh agus Acht níos láidre a thabhairt isteach atá níos oiriúnaí dhá feidhm ná mar atá faoi láthair.

Fachtna Ó Drisceoil:

Agus ar deireadh, a Choimisinéara, tá fáilte curtha agat freisin roimh an moladh sna cinnteidil go mbeadh Gaeilge ag fiche faoin gcéad do na hearcaigh nua a thagann isteach sa tseirbhís poiblí, céard a dhéarfá le daoine a deir ‘Ní tharlóidh sé seo ariamh, déanfar lagú ar an mBille sula aachtófar é’ nó ‘Éireoidh leis an Státsheirbhís bealach éigin a fháil chun an foráil a chur ó mhaith’.

Rónán Ó Domhnaill:

Bhuel, sílim sa gcás sin ó thaobh cúrsaí earcaíochta d’fhéadfadh muide a bheith ag caint, a Fhachtna, ar feadh leathuair a chloig faoi seirbhíse ar cheart a bheith ar fáil go dhaoine anseo agus ansiúd agus deacrachtaí atá ag daoine, níl aon mhaith a bheith ag plé na ceiste sin i ndáiríre muna bhfuil a ndóthain daoine istigh sa stáitchóras agus sa tseirbhís phoiblí atá ar a gcumas a gcuid oibre a dhéanamh thrí Gaeilge. Agus tá sé feicthe a’inn le bliain nó dhó anuas ó thaobh easpa sainaitheantais poist atá ar siúl ag ranna Stáit mar shampla, ocht ranna stáit ag diúltú aon phost a shainaitheint. An t-aon rud gur féidir liomsa a rá faoi sin, is ceist, is dóigh, dhóibh siúd atá ag dréachtú reachtaíochta faoi céard atá i gceist acu a dhéanamh, is léir go bhfuil sprioc de shaghas eicint leagthaí síos anois sna ceannteidil seo faoi líon na ndaoine atá ag teastáil, an méid atá mise ag rá ná níl aon mhaith a bheith ag láidriú Acht Teanga mura bhfuil a ndóthain daoine, muna chinntítear go bhfuil a ndóthain daoine ar fáil sa stáitchóras chun é sin a dhéanamh agus dá bhrí sin má tá sprioc de fiche faoin gcéad le cur i bhfeidhm, tá sé an-tábhachtach gur b’shin a tharlóidh agus gur féidir le daoine a bheith, muinín a bheith acu in ionrachas an phróiséas sin agus go déantar é mar ba cheart.

Fachtna Ó Drisceoil:

Ceart go leor. An Coimisinéir Teanga, Rónán Ó Domhnaill, ansin ag labhairt linn beo i gCasla, go raibh míle maith agat as a bheith linn ar an gclár agus mar a bheifeá ag súil leis tá muid ag fáil neart teachtaireachtaí ó na héisteoirí ar an ábhar seo, tá ceann amháin anseo : ‘Stop le do dhroch-aistriúchán’ ó éisteoir ag otharlann Leitir Ceanainn ‘Emergency Department’ ‘Éigeandála an Roinn’ an t-aistriú atá air sin agus deir éisteoir eile ‘Táim bréan do chomhlachtaí poiblí a úsáideann comhlachtaí príobháideacha nó conraitheoirí atá ag bailiú airgid ar a son agus cead acu comhfhreagras i mBéarla a sheoladh gan náire’ agus deir Aoife i mBaile na Manach é sin. Go raibh agat as ucht bhur gcuid teachtaireachtaí.

[Ceol]